Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2026
(OR. en)

6317/26

LIMITE

COEST 147

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0389(NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na Moldóive arna bunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú agus maidir le bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla thofa Phoblacht na Moldóive a fhormhuiniú |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na Moldóive arna bunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú agus maidir le bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla thofa Phoblacht na Moldóive a fhormhuiniú**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.

(2) Aithnítear sa Bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú gealltanas na bPáirtithe athchóirithe agus próisis chomhfhogasaithe a thabhairt chun cinn i bPoblacht na Moldóive, bunaithe ar luachanna coiteanna, lena n-áirítear urraim don dea-rialachas.

(3) Leagtar amach leis an gComhaontú na haidhmeanna maidir le hidirphlé polaitiúil, lena n-áirítear an urraim don dea-rialachas a threisiú, rud atá ríthábhachtach chun an caidreamh idir na Páirtithe a fheabhsú.

(4) In Airteagal 4 den Chomhaontú maidir le comhar i ndáil leis an athchóiriú intíre, ceanglaítear ar na Páirtithe sa Chomhaontú oibriú i gcomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh a mbeartais inmheánacha bunaithe ar phrionsabail choiteanna, go háirithe cobhsaíocht agus éifeachtacht institiúidí daonlathacha.

(5) Dírítear in Airteagal 47 den Chomhaontú ar an gcomhar a fheabhsú i réimse bhainistíocht an airgeadais phoiblí lena n-áirithítear go bhforbrófar beartas buiséid agus córais iontaofa don smacht poiblí inmheánach agus don iniúchadh seachtrach, arna ailíniú le bunphrionsabail na cuntasachta, na trédhearcachta, na heacnamaíochta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta.

[1] IO L 260, 30.8.2014, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2014/492/oj.



PUBLIC

(6) Le hAirteagal 107 den Chomhaontú, ceanglaítear ar na Páirtithe comhthuiscint agus comhar déthaobhach a chur chun cinn i réimse an bheartais réigiúnaigh, lena n-áirítear modhanna foirmlithe agus cur chun feidhme beartas réigiúnach, lena n-áirítear rialachas agus comhpháirtíocht il-leibhéil, le béim ar leith ar cheantair faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt agus ar chomhar críochach, agus leis an gcuspóir bealaí cumarsáide a bhunú agus malartú faisnéise a fheabhsú idir na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, gníomhairí socheacnamaíocha agus an tsochaí shibhialta.

(7) Le hAirteagal 140 den Chomhaontú, ceadaítear do Phoblacht na Moldóive páirt a ghlacadh i ngach gníomhaireacht de chuid an Aontais atá oscailte do rannpháirtíocht Phoblacht na Moldóive i gcomhréir leis na forálacha ábhartha lena mbunaítear na gníomhaireachtaí sin, inar comhlacht comhairliúcháin de chuid an Aontais é Coiste na Réigiún.

(8) Leis an gComhaontú, cumhachtaítear an Chomhairle Comhlachais chun cinntí a ghlacadh, chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(9) Le hAirteagal 439 (2) den Chomhaontú, déantar foráil gur bhféadfaidh an Chomhairle Comhlachais aon choiste nó comhlacht speisialta a chur ar bun i réimsí ar leith is gá do chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

(10) Tá an Chomhairle Comhlachais le cinneadh a ghlacadh maidir leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a chur ar bun agus maidir le bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla thofa Phoblacht na Moldóive a fhormhuiniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais go dtacófar leis an bhFhochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú agus go ndéanfar bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla thofa Phoblacht na Moldóive a fhormhuiniú, agus beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle Comhlachais atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC